



Eleathanach 393



Dé Luain, an 1 Samhain 2021

Rud spéisiúil ar bhoithre Barcelona

Is cathair é Barcelona i gceantar na Catalóine sa Spáinn. Ó mhí Mheán Fómhair tá páistí sa chathair ag dul ar scoil ar a rothair. Thosaigh cúig theaghlach ag rothaíocht ar dtús ach anois bíonn níos mó na céad duine ar a rothair gach Aoine.

Bicibús nó Bus na Rothar an t-ainm a ghlaonn daoine ar an ngrúpa seo. Stopann an "bus" trí huair ar an turas chun daoine eile a bhailiú.

An rud spéisiúil faoi seo ná go mbíonn siad ag rothaíocht i lár an bhóthair seachas ar lána rothar. Tá súil acu go mbeidh lána rothar acu amach anseo. Idir an dá linn, bíonn na póilíní ann le cinntiú go bhfuil gach duine slán.



Foireann Sacair na hÉireann: bua tábhachtach ag na mná!

D'imir foireann sacair na mban cluiche i gcoinne na Fionlainne an tseachtain seo caite sna cáilíochtaí don Chorn Domhanda. Ba é an scór ag deireadh an chluiche ná An Fhionlainn: 1, Éire: 2.

Tugann seo seans don fhoireann a bheith ag imirt sa Chorn Domhanda ach tá níos mó cluichí le himirt go fóill. Bhí an bainisteoir - Vera Pauw - an-sásta ar fad!

Spórt TG4

D'fhógair TG4 le déanaí go mbeidh Sraith Náisiúnta SSE Airtricity na mBan á chraoladh acu. Le 20 bliain anuas tá peil na mban le feiceáil ar TG4 agus anois beidh sacar le feiceáil freisin.

Cá bhfuil an t-airgead?

Sa Danmhairg d'íoc músaem níos mó ná €70,000 as dhá phársa ealaíne le déanaí. Bhí iontas an domhain orthu nuair a d'oscail siad na boscaí leis an ealaín iontu agus ní raibh iontu ach dhá chanbhás ghлана.

Thug an músaem an t-airgead tirim don ealaíontóir Jens Haaning le húsáid ar an dá chanbhás chun saothair ealaíne a athchruthú. Léirigh an dá shaothar pá bliana sa Danmhairg agus san Ostair.

Ba mhaith leis an músaem an t-airgead a fháil ar ais ón ealaíontóir ach ní bhfuair siad é go fóill. B'fhéidir go bhfuil nod in ainm an phársa ealaíne: *Take the Money and Run!*

Dhá chanbhás ghлана ar crochadh i Músaem Kunsten sa Danmhairg.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

